C/2025/5875

4.11.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5875)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Spoleto'

Uimhir thagartha an Aontais: PDO-IT-A0848-AM03 - 5.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Spoleto'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoisí – An Roinn um Cheannasacht Bia agus Spórt Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann formheas an leasaithe chaighdeánaigh sin agus an teachtaireacht ina leith na coinníollacha maidir le formheas ar leasú caighdeánach faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha arna nglacadh dá bhun.

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc;

— nach bhfuil athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

— nach bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— nach bhfuil aon srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

An cineál ‘Spoleto’ geal a bhaint

Tuairisc

Baineadh an cineál ‘Spoleto’ geal den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 2, 4, 6 agus 7 den tsonraíocht táirge, agus le ranna 6, ‘Saintréithe orgánaileipteacha’ agus 7.2 ‘Uastáirgeachtaí’ sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An cineál ‘Spoleto Trebbiano Spoletino superiore’ a bhaint

Tuairisc

Baineadh an cineál ‘Spoleto Trebbiano Spoletino superiore’ den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 2, 4, 5, 6, 7 agus 8 den tsonraíocht táirge, agus le ranna 6, ‘Saintréithe orgánaileipteacha’ agus 7.2 ‘Uastáirgeachtaí’ sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán a áireamh mar chineál sonrach

Tuairisc

Áiríodh fíon súilíneach ar ardchaighdeán mar chineál sonrach chun débhríocht a sheachaint i dtásc na catagóire fíona shúilínigh a tháirgtear.

Baineann an leasú le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An cineál ‘Spoleto Trebbiano Spoletino riserva’ a áireamh

Tuairisc

Áiríodh an cineál ‘Spoleto Trebbiano Spoletino riserva’. Saintréith de sin is ea tréimhse éigeantach aosaithe 18 mí ar a laghad, lena n-áirítear 3 mhí ar a laghad sa bhuidéal.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 2, 4, 5, 6, agus 7 den tsonraíocht táirge, agus le ranna 6, ‘Saintréithe orgánaileipteacha’ agus 7.2 ‘Uastáirgeachtaí’ sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An airde uasta le haghaidh fíniúnacha a bhaint

Tuairisc

Chun críoch incháilitheachta, níl toirmeasc a thuilleadh ar fhíniúnacha atá suite ag airde os cionn 400 m os cionn leibhéal na mara.

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An dáta a bunaíodh le haghaidh maoluithe maidir le fíonóireacht agus buidéalú

Tuairisc

Maidir le fíonóireacht, rísíniú, aosú agus buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta, tá feidhm ag maoluithe maidir le haon duine atá in ann a léiriú go ndearna siad oibríochtaí den sórt sin laistigh de na 3 bliana roimh theacht i bhfeidhm na sonraíochta táirge. Leasaíodh an téacs trí chuimsiú a dhéanamh ar an dáta sonrach a tháinig an tsonraíocht táirge i bhfeidhm.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ceartúchán ar thagairtí reachtacha

Tuairisc

Ceartaíodh tagairtí reachtacha áirithe leis na nathanna níos cineálaí 'reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm' agus 'reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm'.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Teagmháil leis an gcraiceann

Tuairisc

I gcás na gcineálacha 'Spoleto Trebbiano Spoletino' agus 'Spoleto Trebbiano Spoletino riserva', áiríodh an rogha maidir le teagmháil leis an gcraiceann a úsáid.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Scaoileadh 'Riserva' lena thomhailt

Tuairisc

Tar éis an cineál nua 'Spoleto Trebbiano Spoletino riserva' a thabhairt isteach, sainmhíníodh go soiléir na rialacha a bhaineann le scaoileadh lena dtomhailt.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Leasú ar na saintréithe orgánaileipteacha

Tuairisc

Tar éis an rogha chun teagmháil leis an gcraiceann a úsáid a chuimsiú, leasaíodh an tuairisc ar dhath an chineáil 'Spoleto Trebbiano spoletino'.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus le roinn 6, 'Saintréithe orgánaileipteacha' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Ainm geografach níos leithne 'Umbria'

Tuairisc

Áiríodh an rogha an t-ainm geografach níos leithne 'Umbria' a úsáid i lipéadú agus i gcur i láthair, agus bunaíodh na rialacha maidir lena úsáid.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus le roinn 11 'Ceanglais bhreise is infheidhme' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Pacáistíocht

Tuairisc

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an leasú:

— deireadh a chur leis an rogha coimeádáin seachas coimeádáin ghloine a úsáid;

— an toirt íosta de 0,187 lítear a cheadaítear a bhaint;

— an toirt uasta a cheadaítear a mhéadú go 18 lítear;

— deireadh a chur le húsáid caipíní;

— an tagairt do ‘bheacán-chruthach nádúrtha’ a bhaint le haghaidh dúntáin fíona súilínigh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An mhír a bhaineann le stiallacha lipéadaithe ar choimeádáin a bhaint

Tuairisc

Baineadh an mhír lenar sonraíodh an gá le stiallacha lipéadaithe nó, de rogha air sin, sainaithint baisceanna arna sannadh ag an gcomhlacht tarmligthe sular cuireadh ar an margadh iad.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An tagairt don chomhlacht cigireachta a bhaint

Tuairisc

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d’fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Spoleto’

Uimhir thagartha an Aontais: PDO-IT-A0848-AM03 - 5.8.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Spoleto

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

(1) Fíon

(5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

'Spoleto Trebbiano spoletino'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: idir buí na tuí agus buí órga domhain

Dea-bholadh

dea-bholadh: fíonmhar, sainiúil

Blas

blas: tirim, úr, d'fhéadfadh sé a bheith aigéadach

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	5,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil íosta iomlán: 11,50 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18,0 g/l

Táirge fíniúna

'Spoleto Trebbiano spoletino riserva'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: idir buí na tuí agus buí órga domhain de dhéine éagsúil

Dea-bholadh:

dea-bholadh: fíonmhar, sainiúil

Blas

blas: tirim, úr, d'fhéadfadh sé a bheith aigéadach

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	5,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil íosta iomlán: 12,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l.

Táirge fíniúna

'Spoleto Trebbiano spoletino spumante'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: buí ar dhath na tuí, ina mbíonn imireacha scothghlasa ó am go chéile.

boilgeoga: mín agus marthanach

Dea-bholadh:

dea-bholadh: fíonmhar, sainiúil

Blas

blas: tirim, úr, d'fhéadfadh sé a bheith aigéadach

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	6,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil íosta iomlán: 11,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l

Táirge fíniúna

'Spoleto Trebbiano spoletino passito'

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: dath buí órga a dtagann dath ómra air de ghnáth;

Dea-bholadh:

dea-bholadh: dian, casta, le ruainníní torthaí aibí

Blas

blas: fairsing agus mín

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil íosta iomlán: 17,00 %, a bhfuil neart alcóil iarbhír 14,00 % ar a laghad de;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíonóireachta

Táirgeacht ó phlandaí a threoraítear sa stíl 'maritate' (ar chrainn bheo)

Cineál cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas saothraithe

Tuairisc

Níor cheart an uastáirgeacht ó fhíniúnacha a threoraítear sa stíl 'maritate' a bheith níos troime ná 50 kg in aghaidh an phlanda in aon chás.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Trebbiano Spoletino

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Trebbiano Spoletino Spumante

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	12 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Spoleto Trebbiano Spoletino Passito

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir /cineál / tíopa

Trebbiano Spoletino Riserva

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

Italia - Trebbiano spoletino B. - Trebbiano

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Ní mór fíonchaora atá beartaithe chun fíon a tháirgeadh ag a bhfuil an ATFC 'Spoleto' a tháirgeadh laistigh den limistéar a leagtar amach sa tsonraíocht táirge. Cuimsítear leis sin críoch iomlán bhardas Montefalco agus cuid de chríoch bhardais Campello sul Clitunno, Castel Ritaldi, Foligno, Spoleto agus Trevi.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

(1) Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an chríoch cothrom den chuid is mó, trína dtéann abhainn Clitunno, agus sruthanna agus craobh-aibhneacha éagsúla. Tá airde an limistéir lena mbaineann idir 200 agus 550 m os cionn leibhéal na mara. Bíonn tionchar mór ag na cnoic timpeall an ghleanna ar an aeráid. Mar gheall ar na hAipiníní Umbria-Marche san oirthear, is iad na gaotha ón iarthar na gnáthghaotha. Bíonn an mheánfhrasaíocht thart ar 800 mm in aghaidh na bliana. Bíonn an aeráid measartha agus bíonn an samhradh tirim. Ní heol bunús Trebbiano Spoletino. Is cinnte, áfach, gur féidir é a mheas mar chineál dúchasach agus áitiúil sa limistéar críochaithe mar go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuiltear á fhás ó bhí an 19ú céad ann.

Catagóir an táirge fíniúna

(5) Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Tá an chríoch cothrom den chuid is mó, trína dtéann abhainn Clitunno, agus sruthanna agus craobh-aibhneacha éagsúla. Tá airde an limistéir lena mbaineann idir 200 agus 550 m os cionn leibhéal na mara. Bíonn tionchar mór ag na cnoic timpeall an ghleanna ar an aeráid. Mar gheall ar na hAipiníní Umbria-Marche san oirthear, is iad na gaotha ón iarthar na gnáthghaotha. Bíonn an mheánfhrasaíocht thart ar 800 mm in aghaidh na bliana. Bíonn an aeráid measartha agus bíonn an samhradh tirim. Ní heol bunús Trebbiano Spoletino. Is cinnte, áfach, gur féidir é a mheas mar chineál dúchasach agus áitiúil sa limistéar críochaithe mar go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuiltear á fhás ó bhí an 19ú céad ann.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / maolaithe

Úsáid an ainm gheografaigh níos leithne 'Umbria' ar an lipéadú agus cur i láthair na bhfíonta.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Féadfar ainm an limistéir gheografaigh níos leithne 'Umbria' a úsáid i lipéadú agus i gcur i láthair na bhfíonta.

Ní mór an t-ainm 'Umbria' a scaradh ón ainmniúchán geografach agus ón bhfoclaíocht 'Denominazione di Origine Controllata'.

Ní mór an chlómhéid le haghaidh an ainm 'Umbria' a bheith níos lú ná an chlómhéid le haghaidh an ainmniúcháin 'Montefalco', agus ní mór an cló, stíl, spásáil, feiceálacht, dath agus déine dhathmhéadrach chéanna a úsáid i gcás an dá cheann.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23399